*Uimhir* 38 *de* 2004

# Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 38 *de* 2004

# ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Mínithe.
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.
4. Saoránacht leanaí neamhnáisiúnach áirithe.
5. Alt 9 den Phríomh-Acht a aisghairm.
6. Saoránacht leanaí faighte.
7. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar alt 15A den Phríomh-Acht.
10. Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht.
11. Leasú ar alt 16A den Phríomh-Acht.
12. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht.
13. Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.
14. Iarratais ar dheimhnithe náisiúntachta ó dhaoine lena mbaineann alt 6A.
15. Cionta.
16. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1993 | 1993, Uimh. 25 |
| An tAcht Inimirce, 2003 | 2003, Uimh. 26 |
| An tAcht Inimirce, 2004 | 2004, Uimh. 1 |
| Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 | 1956, Uimh. 26 |
| Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1986 | 1986, Uimh. 23 |
| Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001 | 2001, Uimh. 15 |
| Na hAchtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 go 2001 | |
| Acht na nDídeanaithe, 1996 | 1996, Uimh. 17 |

*Uimhir* 38 *de* 2004

# ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 2004

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 1956. [15 *Nollaig* 2004]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.—**San Acht seo—

ciallaíonn "Príomh-Acht" Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956;

ciallaíonn "Acht 2001" Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2001.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

**2.—**Leasaítear alt 2 (arna leasú le hAcht 2001) den Phríomh-Acht—

(*a*) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1):

"ciallaíonn 'Acht 1996' Acht na nDídeanaithe, 1996;

ciallaíonn 'Acht 2003' an tAcht Inimirce, 2003;

ciallaíonn 'Acht 2004' an tAcht Inimirce, 2004;

ciallaíonn 'stát de chuid LEE' stát, seachas Ballstát, is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

tá le 'Comhaontú LEE' an bhrí chéanna atá leis in Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1993;

ciallaíonn 'Ballstát' Ballstát de chuid na gComhphobal Eorpach;

ciallaíonn 'éagumas meabhrach', i ndáil le duine, éagumas, de dheasca reachta meabhrach, chun gnóthaí an duine a bhainistiú agus a riaradh;",

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(1A) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt, is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír nó d'fhomhír, is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) aon tagairt d'aon achtachán, forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú, cibé acu roimh thosach feidhme *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004* nó dá éis, le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin.".

Leasú ar alt 6 den Phríomh-Acht.

**3.—**Leasaítear alt 6 (arna chur isteach le halt 3(1) d'Acht 2001) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

"(1) Faoi réir alt 6A (arna chur isteach le *halt 4 d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004*), tá gach duine a bheirtear in oileán na hÉireann i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach.",

(*b*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*) d'fho-alt (2):

"(*a*) Faoi réir fho-alt (5), is saoránach ó dháta a bhreithe nó a breithe duine atá i dteideal faoi fho-alt (1) a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach más rud é—

(i) go ndéanann sé nó sí aon ghníomh nach bhfuil ach saoránach Éireannach i dteideal é a dhéanamh, nó

(ii) i gcás duine nach bhfuil aois iomlán aige nó aici nó atá faoi éagumas meabhrach, go ndéantar thar a cheann nó thar a ceann aon ghníomh nach bhfuil ach saoránach Éireannach i dteideal é a dhéanamh.",

(*c*) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(*d*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(6) San alt seo, ní fholaíonn 'duine' duine a bheirtear in oileán na hÉireann ar thosach feidhme *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004* nó dá éis agus—

(*a*) nach raibh ceachtar dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, an tráth a rugadh an duine—

(i) ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach ná i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

(ii) ina shaoránach Briotanach nó ina saoránach Briotanach,

(iii) ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí sa Stát gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe (lena n-áirítear de réir ceada arna dheonú faoi alt 4 d'Acht 2004), ná

(iv) ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí i dTuaisceart Éireann gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe,

agus

(*b*) a raibh duine amháin ar a laghad dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, an tráth sin, i dteideal díolúine taidhleoireachta sa Stát.".

Saoránacht leanaí neamhnáisiúnach áirithe.

**4.**—Leasaítear an Príomh-Acht trí na hailt seo a leanas a chur isteach:

"Teideal daoine a bheirtear do neamhnáisiúnaigh áirithe chun saoránachta Éireannaí.

6A.—(1) Ní bheidh duine a bheirtear in oileán na hÉireann i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach mura raibh tuismitheoir de chuid an duine sin, le linn na tréimhse 4 bliana díreach roimh bhreith an duine, ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana nó ar feadh tréimhsí nach lú ná 3 bliana a gcomhiomlán.

(2) Níl feidhm ag an alt seo maidir leis na daoine seo a leanas—

(*a*) duine a bheirtear roimh thosach feidhme *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004*,

(*b*) duine a bheirtear in oileán na hÉireann—

(i) do thuismitheoirí a raibh duine díobh ar a laghad, an tráth a rugadh an duine, ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, nó i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

(ii) más rud é gur rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh duine

díobh éagtha an tráth a rugadh an duine agus—

(I) go raibh an tuismitheoir eile, an tráth sin, nó

(II) go raibh an tuismitheoir éagtha, díreach roimh a bhás nó a bás,

ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach nó i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, nó

(iii) má rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh an bheirt acu éagtha an tráth a rugadh an duine, agus a raibh duine díobh ar a laghad, díreach roimh a bhás nó a bás, ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach nó i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

(*c*) duine a bheirtear in oileán na hÉireann—

(i) do thuismitheoirí a raibh duine díobh ar a laghad ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, nó i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, an tráth a rugadh an duine,

(ii) más rud é gur rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh duine díobh éagtha an tráth a rugadh an duine agus—

(I) go raibh an tuismitheoir eile, an tráth sin, nó

(II) go raibh an tuismitheoir éagtha, díreach roimh a bhás nó a bás,

ina shaoránach Briotanach nó ina saoránach Briotanach nó ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí i dTuaisceart Éireann gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe, nó

(iii) má rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh an bheirt acu éagtha an tráth a rugadh an duine, agus a raibh duine díobh ar a laghad, díreach roimh a bhás nó a bás, ina shaoránach Briotanach nó ina saoránach Briotanach nó ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí i dTuaisceart Éireann gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe,

(*d*) duine a bheirtear in oileán na hÉireann—

(i) do thuismitheoirí a raibh duine díobh ar a laghad, an tráth a rugadh an duine, i dteideal cónaí sa Stát gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe (lena n-áirítear de réir ceada arna dheonú faoi alt 4 d'Acht 2004),

(ii) más rud é gur rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh duine díobh éagtha an tráth a rugadh an duine agus—

(I) go raibh an tuismitheoir eile, an tráth sin, nó

(II) go raibh an tuismitheoir éagtha, díreach roimh a bhás nó a bás,

ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí sa Stát gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe (lena n-áirítear de réir ceada arna dheonú faoi alt 4 d'Acht 2004), nó

(iii) má rugadh an duine do thuismitheoirí a raibh an bheirt acu éagtha an tráth a rugadh an duine agus a raibh duine díobh ar a laghad, díreach roimh a bhás nó a bás, ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí sa Stát gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe (lena n-áirítear de réir ceada arna dheonú faoi alt 4 d'Acht 2004),

ná

(*e*) duine a bheirtear in oileán na hÉireann—

(i) nach raibh ceachtar dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, an tráth a rugadh an duine—

(I) ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach ná i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach,

(II) ina shaoránach Briotanach nó ina saoránach Briotanach,

(III) ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí sa Stát gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe (lena n-áirítear de réir ceada arna dheonú faoi alt 4 d'Acht 2004), nó

(IV) ina dhuine nó ina duine a bhí i dteideal cónaí i dTuaisceart Éireann gan aon srian ar a thréimhse chónaithe nó a tréimhse chónaithe,

agus

(ii) a raibh duine amháin ar a laghad dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, an tráth sin, i dteideal díolúine taidhleoireachta sa Stát.

(3) San alt seo, ciallaíonn 'saoránach Briotanach' saoránach de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Cónaí in oileán na hÉireann chun críocha alt 6A.

6B.—(1) I gcás go n-éagfaidh tuismitheoir duine lena mbaineann alt 6A (arna chur isteach le halt 4 *d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004*) roimh bhreith an duine, beidh an tréimhse dar tosach dáta éagtha an tuismitheora agus dar críoch dáta breithe an duine ináirithe chun tréimhse chónaithe in oileán na hÉireann faoin alt sin a ríomh, más rud é—

(*a*) go raibh an tuismitheoir, díreach roimh a bhás nó a bás, ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann, agus

(*b*) go bhfuil an tréimhse ar ina leith a bhí sé nó sí, díreach roimh a bhás nó a bás, ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann ináirithe chun críocha an ailt sin.

(2) Más rud é, maidir le náisiúnach—

(*a*) de Bhallstát (seachas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann),

(*b*) de stát (seachas Ballstát) is páirtí conarthach i gComhaontú LEE, nó

(*c*) de Chónaidhm na hEilvéise,

go ndéanfaidh sé nó sí dearbhú ar cibé modh a bheidh forordaithe go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann ar feadh cibé tréimhse atá luaite sa dearbhú sin, measfar, chun críocha alt 6A, go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann—

(i) ar feadh na tréimhse sin, má bhí sé nó sí, le linn iomlán na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó

(ii) mura raibh sé nó sí ina náisiúnach den sórt sin ach ar feadh cuid den tréimhse sin, ar feadh an chuid sin den tréimhse,

mura gcruthófar a mhalairt.

(3) (*a*) Más rud é, maidir le duine is caomhnóir duine nó atá *in loco parentis* do dhuine (dá ngairtear an 'dara duine a luaitear' sa mhír seo)—

(i) nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, agus

(ii) is leanbh de chuid duine (dá ngairtear an 'tuismitheoir' sa mhír seo) a bhí, an tráth a rugadh an dara duine a luaitear, ina náisiúnach de stát dá dtagraítear i bhfo-alt (2),

go ndéanfaidh sé nó sí dearbhú ar cibé modh a bheidh forordaithe go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí

in oileán na hÉireann ar feadh cibé tréimhse a bheidh luaite sa dearbhú sin, measfar, chun críocha alt 6A, go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann—

(I) ar feadh na tréimhse sin, má bhí sé nó sí, le linn iomlán na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó

(II) mura raibh sé nó sí ina náisiúnach den sórt sin ach ar feadh cuid den tréimhse sin, ar feadh an chuid sin den tréimhse,

mura gcruthófar a mhalairt.

(*b*) Más rud é, maidir le duine atá údaraithe go cuí chun gníomhú thar ceann duine (dá ngairtear an 'dara duine a luaitear' sa mhír seo)—

(i) atá faoi éagumas meabhrach, agus

(ii) is leanbh de chuid duine (dá ngairtear an 'tuismitheoir' sa mhír seo) a bhí, an tráth a rugadh an dara duine a luaitear, ina náisiúnach de stát dá dtagraítear i bhfo-alt (2),

go ndéanfaidh sé nó sí dearbhú ar cibé modh a bheidh forordaithe go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann ar feadh cibé tréimhse a bheidh luaite sa dearbhú sin, measfar, chun críocha alt 6A, go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann—

(I) ar feadh na tréimhse sin, má bhí sé nó sí, le linn iomlán na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó

(II) mura raibh sé nó sí ina náisiúnach den sórt sin ach ar feadh cuid den tréimhse sin, ar feadh an chuid sin den tréimhse,

mura gcruthófar a mhalairt.

(*c*) Más rud é, maidir le duine (dá ngairtear an 'dearbhóir' sa mhír seo)—

(i) a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, agus

(ii) is leanbh de chuid duine (dá ngairtear an 'tuismitheoir' sa mhír seo) a bhí, an tráth a rugadh an dearbhóir, ina náisiúnach de stát dá dtagraítear i bhfo-alt (2),

go ndéanfaidh sé nó sí dearbhú ar cibé modh a bheidh forordaithe go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann ar feadh cibé tréimhse a bheidh luaite sa dearbhú sin, measfar, chun críocha alt 6A, go raibh an tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí in oileán na hÉireann—

(I) ar feadh na tréimhse sin, má bhí sé nó sí, le linn iomlán na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, nó

(II) mura raibh sé nó sí ina náisiúnach den sórt sin ach ar feadh cuid den tréimhse sin, ar feadh an chuid sin den tréimhse,

mura gcruthófar a mhalairt.

(4) Ní bheidh tréimhse chónaithe sa Stát ináirithe chun tréimhse chónaithe faoi alt 6A a ríomh más rud é—

(*a*) go sáraíonn sí alt 5(1) d'Acht 2004,

(*b*) go bhfuil sí de réir ceada arna thabhairt do dhuine faoi alt 4 d'Acht 2004 chun a chumasú dó nó di gabháil do chúrsa oideachais nó staidéir sa Stát, nó

(*c*) gurb é atá inti tréimhse ar lena linn nach bhfuil duine (seachas duine a bhí, le linn na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise) dá dtagraítear i bhfo-alt (2) d'alt 9 (arna leasú le halt 7(*c*)(i) d'Acht 2003) d'Acht 1996 i dteideal fanacht sa Stát ach amháin de réir an fho-ailt sin.

(5) Ní bheidh tréimhse chónaithe i dTuaisceart Éireann ináirithe chun tréimhse chónaithe faoi alt 6A a ríomh—

(*a*) más rud é—

(i) nach bhfuil an duine lena mbaineann, le linn iomlán na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise, agus

(ii) nach dleathach, faoi dhlí Thuaisceart Éireann, cónaí an duine lena mbaineann i dTuaisceart Éireann le linn na tréimhse sin,

nó

(*b*) má tá teideal an duine lena mbaineann cónaí i dTuaisceart Éireann le linn na tréimhse sin faoi réir coinníll atá comhionann nó comhchosúil le coinníoll a d'fhágfadh, de bhua fho-alt (4), dá mba infheidhme é i leith teidil cónaí sa Stát, nach mbeadh tréimhse chónaithe sa Stát de bhun teidil den sórt sin ináirithe chun tréimhse chónaithe faoin alt sin 6A a ríomh.

(6) Beidh ag gabháil le dearbhú dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó (3) cibé doiciméid fíoraithe eile (más ann) a bheidh forordaithe.".

Alt 9 den Phríomh-Acht a aisghairm.

**5.—**Aisghairtear alt 9 den Phríomh-Acht.

Saoránacht leanaí faighte.

**6.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 10:

"10.—Gach leanbh nuabheirthe tréigthe ar sa Stát a gheofar é nó í den chéad uair measfar, mura gcruthaítear a mhalairt, gur in oileán na hÉireann, do thuismitheoirí ar saoránach Éireannach duine díobh ar a laghad, a rugadh é nó í.".

Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht.

**7.—**Leasaítear alt 13 (arna leasú le halt 3(*b*) d'Acht 2001) den Phríomh-Acht trí "in oileán na hÉireann" a chur in ionad "in Éirinn".

Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht.

**8.—**Leasaítear alt 15 (arna chur isteach le halt 4 d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1986) den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*) i bhfo-alt (1):

"(*a*) (i) go bhfuil aois iomlán aige nó aici, nó

(ii) gur mionaoiseach a rugadh sa Stát é nó í;",

agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(3) San alt seo, ciallaíonn 'iarratasóir', i ndáil le hiarratas ar dheimhniú eadóirseachta ó mhionaoiseach, tuismitheoir nó

caomhnóir an mhionaoisigh nó an duine atá *in loco parentis* don mhionaoiseach.”.

Leasú ar alt 15A den Phríomh-Acht.

**9.—**Leasaítear alt 15A (arna chur isteach le halt 5 d’Acht 2001) den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(3) Ní bheidh feidhm ag mír (*h*) d’fho-alt (1) maidir le hiarratasóir ar dheimhniú eadóirseachta lena mbaineann fo-alt (4).

(4) Aon tréimhse chónaithe lasmuigh d’oileán na hÉireann, ar lena linn—

(*a*) a bhí an t-iarratasóir ar dheimhniú eadóirseachta lena mbaineann an t-alt seo pósta agus ag cónaí lena chéile nó lena céile, agus

(*b*) a bhí céile an iarratasóra sin sa tseirbhís phoiblí,

beidh sí ináirithe mar thréimhse chónaithe in oileán na hÉireann chun—

(i) cónaí leanúnach faoi mhír (*f*) d’fho-alt (1) a ríomh, nó

(ii) cónaí iomlán faoi mhír (*g*) den fho-alt sin a ríomh.”.

Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht.

**10.** Leasaítear alt 16 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2) Chun críocha an ailt seo, tá caidreamh ag duine le hÉirinn más rud é—

(*a*) go bhfuil gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine is saoránach Éireannach nó atá i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, nó

(*b*) go raibh gaol fola, cleamhnais nó uchtála aige nó aici le duine atá éagtha agus ba shaoránach Éireannach, nó a bhí i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach, tráth a bháis nó a báis.”.

Leasú ar alt 16A den Phríomh-Acht.

**11.—**Leasaítear leis seo alt 16A (arna chur isteach le halt 6 d’Acht 2001) den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Ní dhéanfar tréimhse chónaithe sa Stát a áireamh le linn tréimhse chónaithe a ríomh d’fhonn deimhniú eadóirseachta a dheonú más rud é—

(*a*) go sáraíonn sí alt 5(1) d’Acht 2004,

(*b*) go bhfuil sí de réir ceada arna thabhairt do dhuine faoi alt 4 d’Acht 2004 chun a chumasú dó nó di gabháil do chúrsa oideachais nó staidéir sa Stát, nó

(*c*) gurb é atá inti tréimhse ar lena linn nach bhfuil duine (seachas duine a bhí, le linn na tréimhse sin, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise) dá dtagraítear i bhfo-alt (2) d’alt 9 (arna leasú le halt 7(*c*)(i) d’Acht 2003) d’Acht 1996 i dteideal fanacht sa Stát ach amháin de réir an fho-ailt sin.”.

Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht.

**12.—**Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht trí fho-alt (2) a scriosadh.

Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.

**13.—**Leasaítear alt 28 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

"(3) Féadfaidh an tAire deimhniú náisiúntachta a chúlghairm más deimhin leis nó léi gur trí chalaois, mífhaisnéis (lena n-áirítear mífhaisnéis neamhurchóideach) nó mainneachtain faisnéis ábhartha a nochtadh a tugadh gur eisíodh an deimhniú.".

Iarratais ar dheimhnithe náisiúntachta ó dhaoine lena mbaineann alt 6A.

**14.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

"28A.—(1) Aon duine a dhéanfaidh iarratas faoi alt 28 déanfaidh sé nó sí, agus soláthróidh sé nó sí don Aire nó d'oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach, dearbhú ar cibé modh a bheidh forordaithe go raibh a thuismitheoir nó a tuismitheoir ina chónaí nó ina cónaí i dTuaisceart Éireann ar feadh cibé tréimhse a bheidh luaite sa dearbhú sin.

(2) Féadfaidh an tAire nó oifigeach taidhleoireachta nó consalachta Éireannach a cheangal ar dhuine a dhéanfaidh iarratas faoi alt 28 na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dó nó di—

(*a*) doiciméid de cibé aicme a bheidh forordaithe, nó

(*b*) cibé doiciméid eile is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach chun a chumasú dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.

(3) Chun críocha an ailt seo, féadfar aicmí éagsúla doiciméad a fhorordú i leith aicmí éagsúla duine a dhéanfaidh iarratas faoi alt 28.

(4) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le duine a éileoidh go bhfuil sé nó sí i dteideal a bheith ina shaoránach Éireannach nó ina saoránach Éireannach faoi alt 6A(1) de bhua duine dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí a bheith ina chónaí nó ina cónaí—

(*a*) i dTuaisceart Éireann ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana nó tréimhsí nach lú ná 3 bliana a gcomhiomlán, nó

(*b*) i dTuaisceart Éireann agus sa Stát ar feadh tréimhsí nach lú ná 3 bliana a gcomhiomlán,

ach ní fholóidh sé duine a raibh duine dá thuismitheoirí nó dá tuismitheoirí, le linn iomlán na tréimhse sin nó na dtréimhsí sin agus an tráth a rugadh an duine, ina náisiúnach de Bhallstát, de stát de chuid LEE nó de Chónaidhm na hEilvéise.

(5) Aon iarratas faoi alt 28 i leith mionaoisigh is é nó is í tuismitheoir nó caomhnóir an mhionaoisigh, nó is duine a bheidh *in loco parentis* don mhionaoiseach, a dhéanfaidh é thar a cheann nó thar a ceann.

(6) Aon iarratas faoi alt 28 i leith duine atá faoi éagumas meabhrach is duine atá údaraithe go cuí chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann a dhéanfaidh é thar a cheann nó thar a ceann.".

Cionta.

**15.—**Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

"29A.—Aon duine a dhéanfaidh, go feasach nó go meargánta (cibé acu sa Stát nó lasmuigh den Stát)—

(*a*) dearbhú faoin Acht seo, nó

(*b*) ráiteas chun críoch aon iarratais faoin Acht seo,

atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) ar é nó í chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.

**16.—**(1) Féadfar Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 2004 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 go 2004 a ghairm de na hAchtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 go 2001 agus den Acht seo le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 303620